



Chuig: Na hÚdaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta, Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oilúna.

Imlitir 0011/2018

**SCÉIM DEONTAIS LE HAGHAIDH TREALAIMH TFC – AN
SCOILBHLIAIN 2017/2018**

Réamhrá agus Cuspóir

Mar chuid de chur chun feidhme na Straitéise Digítí do Scoileanna 2015-2020, ag feabhsú na foghlama agus an mheasúnaithe teagaisc, cuirfear maoiniú de €210m ar fáil le bonneagar TFC a dháileadh ar scoileanna thar chúig bliana na Straitéise, ag tosú le €30m sa scoilbhliain 2016-2017, ag méadú go €50m i dtreo dheireadh na tréimhse (an scoilbhliain 2020-2021). Eisíodh an chéad tráinse den mhaoiniú seo (€30m) sa scoilbhliain 2016-2017. Sa chiorclán seo soláthraítear faisnéis maidir le heisiúint €30m breise faoin scéim, don scoilbhliain 2017-2018.

Ní gá do scoileanna iarratas a dhéanamh ar an maoiniú seo, eiseofar íocaíocht go huathoibríoch chuig scoileanna incháilithe.

Leagtar amach thíos tuilleadh faisnéise faoi chúlra na scéime seo, na rátaí agus an incháilitheacht don mhaoiniú seo.

Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Leagtar amach breac-chuntas ar bheartas na Roinne maidir leis na teicneolaíochtaí digiteacha a neadú san oideachas sa doiciméad [Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 go 2020 Ag Feabhsú na Foghlama agus an Mheasúnaithe Teagaisc](#), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Leagtar amach sa straitéis seo fíis shoiléir atá dírithe ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a fhíorú d'fhonn eispéireas foghlama na ndaltaí a athrú as cuimse ar a leas trí chabhrú leo a bheith rannpháirteach mar smaointeoirí, mar fhoghlaimoírí gníomhacha, mar thógálaithe eolais agus mar shaoránaigh dhomhanda a ghlacann páirt iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Leis an straitéis leagtar amach plean chun úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a neadú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú trí chlár oibre uailmhianach don tréimhse 2015-2020 ar réimse ceanteideal éagsúil:

- Téama 1: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú ag baint úsáide as TFC
- Téama 2: Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

- Téama 3: Ceannaireacht, Taighde agus Beartas
- Téama 4: Bonneagar TFC

Forbraíodh sraith gníomhaíochtaí agus spriocanna faoi gach téama chun dul chun cinn na dteicneolaíochtaí digiteacha a neadú thar shaolré na straitéise. Tá freagrachtaí faoi leith ar na príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear an Roinn agus a háisíneachtaí, soláthraithe um oideachas múinteoirí, pobail scoile agus múinteoirí d'fhonn na gníomhaíochtaí seo a chur chun cinn.

Ar cheann de na gníomhaíochtaí tosaíochta atá beartaithe leis an soláthar maoinithe seo is ea tacaíocht a thabhairt do nuashonrú agus athnuachan bhonneagar TFC na scoile

Gníomhaíochtaí tosaíochta faoin straitéis

I measc na ngníomhaíochtaí tosaíochta atá ar siúl i láthair na huaire tá

- Ríomheolaíocht á tabhairt isteach mar ábhar don tSraith Shinsearach in iar-bhunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2018.
- Cuimseofar ráitis shoiléire maidir le foghlaim sna sonraíochtaí curaclaim amach seo, ráitis a dhíríonn ar scileanna foghlama digití agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt d'fhonn torthaí foghlama a bhaint amach ag gach leibhéal oideachais.
- Forbraíodh Creat Foghlama Digiteach chun cabhrú le múinteoirí agus le scoileanna úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí sa teagasc agus san fhoghlaim. Cuirfidh sé seo soiléiriú níos fearr ar fáil do na scoileanna maidir leis an gcoincheap chun teicneolaíochtaí digiteacha a neadú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, agus cabhróidh sé maidir le hoiliúint múinteoirí agus riachtanais eagraíochta eile na scoile a aithint. Tá an creat á thriail i 50 scoil, agus seolfar leagan deiridh i mí Mheán Fómhair 2018.
- Tá an acmhainn pleanála ríomhfhoghlama, ar a dtugtar na Treoirínte um Phleanáil Foghlama Digití ar fáil anois ag www.pdsttechnologyineducation.ie/planning. Rinneadh é seo a nuashonrú chun a bheith i gcomhréir leis an gCreat Foghlama Digití, agus chun nua-fhorbairtí teicneolaíochta agus oideachais a léiriú.
- Tá seirbhísí tacaíochta maoinithe ag an Roinn ag comhoibriú i bhforbairt clár um fhorbairt ghairmiúil leantach, ábhar digiteach agus acmhainní eile chun tacú le ceannairí scoile agus le múinteoirí d'fhonn teicneolaíochtaí digiteacha a neadú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.
- Cuirfidh an SFGM-Teicneolaíocht san Oideachas agus seirbhísí tacaíochta eile faisnéis nua, treoir agus deiseanna nua um fhorbairt ghairmiúil leantach ar fáil do scoileanna, de réir mar is cuí.

Gnéithe den Scéim Deontais

- Dearadh an scéim agus cur chuige cúig bliana beartaithe agus táthar ag súil go mbeidh €210m ar fáil le linn na tréimhse sin. Éascaíonn cur chuige den chineál seo pleanáil ilbhliantúil ag scoileanna.
- Táthar ag súil go ndéanfaidh gach scoil Plean Foghlama Digití a tharraingt ag baint úsáide as cur chuige na scoile uile agus ag cur a comhthéacs agus a cúinsí san áireamh. Déanfaidh an plean cur síos ar fhís na scoile maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a neadú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus cuimsíonn sé spriocanna agus tosaíochtaí le haghaidh feabhais agus forbartha.
- Tabharfaidh an Plean Foghlama Digití, ar chóir é a athbhreithniú agus a nuashonrú ar a laghad uair sa bhliain, treoir maidir leis an mbealach ina n-úsáidtear an maoiniú deontais i gcur chuige céimnithe agus comhleanúnach chun torthaí foghlama do dhaltaí a fheabhsú.
- Ba cheart an maoiniú a úsáid chun ríomhairí teagaisc, ríomhairí roinnte idir na daltaí, teilgeoirí, trealamh líonraithe, uirlisí scamallbhunaithe, ardáin foghlama, bogearraí agus feidhmeanna oideachais, i dteannta le trealamh eile a cheannach, nithe atá deartha chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa scoil.
- Úsáidtear foirmle maoinithe caighdeánach a chuimsíonn cnapshuim ráta comhréidh agus méid in aghaidh gach dalta atá cláraithe d'fhonn an deontas atá gach scoil i dteideal a fháil a chomháireamh.
- Baineann ráta feabhsaithe in aghaidh gach dalta le daltaí atá cláraithe i scoileanna speisialta agus i scoileanna DEIS agus i ranganna speisialta
- Áirítear gach dalta atá ag tabhairt faoi chlár bhunscoile agus iar-bhunscoile chun críocha per capita i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna atá aitheanta.
- Faigheann scoileanna a ghearrann táillí 50% den ráta a bhaineann le scoileanna atá sa scéim oideachais saor in aisce.
- Beidh gach scoil a d'oscail roimh bhliain féilire 2014, nó atá lonnaithe i bhfoirgnimh scoile a tógadh roimh bhliain féilire 2014, incháilithe don mhaoiniú seo.
- Tabharfar tacaíocht don scéim trí threoir theicniúil agus soláthair a chur ar fáil do na scoileanna agus dá gceannairí.
- Ní mór maoiniú a úsáid chun trealamh TFC a cheannach agus ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as socruithe seanbhunaithe um sholáthar poiblí. Tá tuilleadh faisnéise maidir le trealamh cuí, agus saincheisteanna soláthair, lena n-áirítear naisc ábhartha, leagtha amach san Aguisín.
- Ní mór taifid caiteachais agus doiciméadú tacaíochta a choinneáil agus a bheith ar fáil lena n-iniúchadh más gá.
- D'fhonn dea-chleachtas a chur chun cinn agus comhlíonadh théarmaí na scéime, roghnófar líon beag scoileanna lena n-iniúchadh in 2018/19. Déanfar teagmháil le scoileanna roghnaithe maidir leis seo níos déanaí i mbliana.
- Ní mór do scoileanna a áirithiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014 Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí an Stáitchiste.

Maoiniú sna blianta amach romhainn

Maidir le heisiúintí maoinithe sa todhchaí faoin gclár seo (An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020), eiseofar cuid den mhaoiniú chuig scoileanna ar iarratas (i dteannta leis an íocaíocht uathoibríoch), faoi réir coinníollacha áirithe á gcomhlíonadh, a chuirfear in iúl do scoileanna in 2018. Áireofar orthu sin fianaise ar Phlean Foghlama Digití, agus léiriú ar an gcaoi ar úsáideadh an maoiniú a eisíodh go dtí seo, agus an úsáid atá beartaithe don mhaoiniú amach anseo.

Faisnéis Bhreise/Fiosrúcháin

Tá treoir agus faisnéis mhionsonraithe leagtha amach san Aguisín atá ceangailte leis an gCiorclán seo.

Beidh Ceisteanna Coitianta ar an scéim ar fáil ar láithreán gréasáin SFGM-Theicneolaíocht san Oideachas, agus déanfar sin a nuashonrú go rialta bunaithe ar cheisteanna agus aiseolas ó scoileanna.

Ba chóir aon cheist maidir le feidhmiú na scéime deontais seo a chur chuig ictpolicy@education.gov.ie.

Eddie Ward
Príomhoifigeach
Aonad Beartais TFC/Rannóg Oideachais Múinteoirí

Feabhra 2018

SCÉIM DEONTAIS LE hAGHAIDH BONNEAGAR TFC – AN SCOILBHLIAIN 2017/18

AGUISÍN

Deontas TFC á íoc

- 1) Íocfar an deontas go díreach isteach i gcuntas bainc na scoile, bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Ní gá do scoileanna iarratas a chur isteach don mhaoiniú seo. Mar aon le gach cúnaimh deontais ón státchiste, ní mór d'údaráis na scoile a bheith in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar maidir le cén chaoi ar caitheadh an maoiniú, arna soláthar faoin scéim seo. Ina theannta sin, ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur caitheadh an caiteachas ar bhonneagar a cheadaítear faoin scéim. Dá bhrí sin, ní mór dearbhú a dhéanamh ar gach caiteachas a dhéantar faoin scéim. Ní mór sonraisc agus fáltais a choinneáil i gcás iniúchta ag an Roinn agus/nó ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Is gá do scoileanna sonraí a choinneáil maidir le meastacháin a fuarthas, sonraisc, fáltais agus aon taifid ábhartha eile maidir leis an gcaiteachas go léir ar feadh tréimhse seacht mbliana. Mionsonraítear san *Aguisín* seo cineálacha na dtairfead atá le coinneáil. Ní mór do na scoileanna, arna iarraidh sin, ráiteas scríofa a sholáthar don Roinn maidir le caiteachas an deontais agus aon iarmhéideanna agus faisnéis ábhartha eile. Má dhúnann scoil go buan, ní mór aon iarmhéid bainc a shealbhaítear sa chuntas a ghéilleadh don Roinn ar an dáta céanna a scorann an scoil ó bheith ag feidhmiú. Coinníonn an Roinn an ceart íocaíochtaí sa todhchaí a choinneáil siar ó scoileanna nach gcomhlíonann aon cheann de théarmaí na Scéime seo.
- 2) Ní mór don bhonneagar TFC a roghnaítear a cheannach a bheith i gcomhréir leis an liosta leathan de bhonneagar údaraithe mar a leagtar amach sa Chiorclán seo.
- 3) Ní mór do na scoileanna a áirithiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014, Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí Státchiste. Féach ar: circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf.

Pleanáil le haghaidh cur chun feidhme na Straitéise Digítí i scoileanna

Cuireann an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna (2015-2020) béim ar an bhfís maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a neadú i scoileanna na hÉireann 'd'fhonn cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha a fhíorú leis an teagasc, leis an bhfoghlaím agus leis an measúnú a fheabhsú ionas go mbeidh daoine óga na hÉireann ina smaointeoirí cruthaitheacha, ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, ina dtógálaithe ar an eolas agus ina saoránaigh dhomhanda agus iad faoi réir chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar'. Leagtar béim freisin ar ról an bhonneagair TFC maidir le tacú le cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe i scoileanna sna cúig bliana amach romhainn:

- Tá gach scoil uathúil agus mar sin ní mór do gach scoil a cás sainiúil féin a mheas, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí.
- I dtús báire, ba chóir do na scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuspóirí reatha teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

- Ba cheart go ndéanfaí machnamh sa Phlean Foghlama Digití (Plean Ríomhfhoghlama, mar a tugadh air roimhe seo) maidir le cén chaoi is féidir leis an scoil an maoiniú a úsáid go straitéiseach, thar na 5 bliana le cur chuige céimnithe agus comhleanúnach chun torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltaí.
- Tar éis dóibh na cuspóirí níos fadtéarmaí thar 5 bliana a mheas, ina dhiaidh sin ba cheart dóibh an chéad chéim den Phlean Foghlama Digití a chur chun feidhme ansin le haghaidh 'bhliain a haon'.

Ba cheart go gcabhródh na cineálacha seo ceisteanna a leanas le scoileanna sa phróiseas, maidir le *'féinmheastóireacht scoile'*:

1. Cé chomh maith is atá teicneolaíochtaí digiteacha déanta a chomhtháthú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú inár scoil?
2. Cad iad na láidreachtaí atá againn maidir le comhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
3. Cad iad na réimsí atá le forbairt againn maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú san fhoghlaim agus sa mheasúnú teagaisc?
4. An bhfuil fis ag ár scoil maidir le TFC a úsáid mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú?
5. Cad iad na teicneolaíochtaí (i.e. trealamh TFC agus bonneagar TFC) atá in ann tacú leis an scoil chun ár bhfis a fhíorú?
6. An bhfuil Plean Foghlama Digití curtha i dtoll a chéile againn?
7. An féidir linn an Plean Foghlama Digití a mhiondealú ina thosaíochtaí bliantúla?
8. An bhfuil ár bPlean Foghlama Digití oiriúnaithe dár réimsí eile tosaíochtaí maidir le teagasc agus foghlaim?
9. Cad iad na chéad tosaíochtaí atá againn?
10. Cad iad na rudaí is gá dúinn a dhéanamh chun na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme?
11. Cén chomhairle agus tacaíocht a bhaineann le TFC atá ar fáil dúinn chun cabhrú linn?

Treoir maidir leis an trealamh agus an bonneagar is féidir a cheannach faoin Scéim Deontais TFC

- Ríomhairí teagaisc: Orthu sin féadfar ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha a áireamh (meabhraigh go bhfuil sásra díreach íostarraingthe ar fáil do scoileanna le haghaidh ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine a cheannach ar fáil ag <https://bz.procurement.ie/contracts/4212> leis an bpróiseas a dhéanamh níos sruthlínithe agus níos inrochtana.
- Ríomhairí comhroinnte idir daltaí: Féadfar ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha a bheith san áireamh anseo.
- Teilgeoirí lena n-áirítear cinn ar ghearrtheilgean nó ar theilgean ríghéarr, fadteilgean, idirghníomhach nó réscáileáin idirghníomhacha
- Trealamh líonraithe (e.g. lena n-áirítear líonrú seasta agus gan sreang, agus cáblaí, lasca agus suiteáil)
- Uirlisí agus feidhmchláir scamallbhunaithe chun tacú leis an bhfoghlaim
- Ardáin don fhoghlaim - is feidhmchláir scamallbhunaithe iad seo go hiondúil, a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

- Bogearraí áitiúla nó 'aipeanna' chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Trealamh TFC eile: Áirítear leis sin cineálacha TFC atá ábhartha agus oiriúnaithe d'fhonn tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú. Ar liosta táscach (cé nach liosta uileghabhálach é) tá trealamh closamhairc amhail ceamaraí físe íomhánna socra fóna agus físcemaraí, callairí, teicneolaíochtaí idirghníomhacha cuir i láthair, amharcléiritheoirí, chomh maith le trealamh, lena n-áirítear tralaithe do ríomhairí glúine/do táibléid, printéirí agus freastalaí scoile.

Seomraí ranga nó limistéir eile teagaisc:

- Ní mór go mbeadh rochtain ag múinteoirí sna seomraí ranga ar ríomhaire teagaisc oiriúnach, agus teilgeoir digiteach nó réscáileáin idirghníomhacha
- Is faoin scoil é cén cineál ríomhaire a roghnaítear mar ríomhaire teagaisc, ach is féidir ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid, gléasanna hibrideacha nó meascán díobh sin a áireamh.

Seomraí Ríomhaireachta (más infheidhme):

- I ngach seomra ríomhaireachta ba chóir go mbeadh ríomhaire teagaisc, ríomhairí do dhaltáí (ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, nó táibléid) chomh maith le printéir agus teilgeoir digiteach nó réscáileáin idirghníomhacha
- Is faoin scoil é cén cineál ríomhaire a roghnaítear do na daltaí. Féadfaidh scoileanna ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid nó meascán díobh sin a úsáid.

Faisnéis maidir le rátaí deontais

1. Gheobhaidh gach scoil, bunscoil, iar-bhunscoil agus gach scoil speisialta cnapshuim de €2,000 (€1,000 do na scoileanna a ghearrann táille) in aghaidh na scoile (i ngach bliain).
2. Íocfar méideanna in aghaidh gach dalta mar seo a leanas:
 - a. € 21.47 in aghaidh an dalta phríomhshrutha atá ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais, i mbunscoileanna príomhshrutha,
 - b. € 25.92 in aghaidh gach dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici agus atá ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais, i ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha, agus in aghaidh gach dalta atá i scoileanna speisialta.
 - c. € 23.69 in aghaidh gach dalta ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais i mbunscoileanna de chatagóir DEIS.
 - d. € 31.22 in aghaidh gach dalta atá ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna.
 - e. € 34.42 in aghaidh gach dalta atá ar na rollaí ar an 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna de chatagóir DEIS.

- f. € 15.22 in aghaidh gach dalta atá ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair den bhliain roimh eisiúint an deontais in aghaidh an dalta i scoileanna a ghearrann táillí.
3. Beidh gach scoil a d'oscail roimh bhliain féilire 2014, nó atá i bhfoirgnimh a tógadh roimh bhliain féilire 2014, incháilithe don mhaoiniú seo. Táthar ag súil leis go mbeidh na hacmhainní ar fáil chuige le go mbeidh scéim deontas den chineál céanna iníoctha thar gach scoilbhliain suas go dtí an scoilbhliain 2020-2021.

Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coinneáil Taifead

Caithfidh gach ceannachán a bheith i gcomhréir le nósanna imeachta um sholáthar poiblí. Ba cheart úsáid a bhaint as creatlaí ceannaigh TFC atá ann cheana féin agus go mbainfí leas astu siúd mar go n-éascaíonn siad an próiseas a bhaineann le trealamh TFC a cheannach do na scoileanna. I dtreoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais tá treoir chun cabhrú le scoileanna úsáid a bhaint as sásra an chreata a úsáid.

Ba cheart do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Soláthair Scoile le haghaidh tuilleadh faisnéise agus tacaíochta de réir mar is gá ag <https://jmb.ie/school-procurement>. Ba cheart cúram a ghlacadh chun a chinntiú go gcuirfear na sainsonraí beachta go léir i láthair gach díoltóra an tráth a n-iarrtar meastacháin scríofa.

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais, i gcomhairle leis an Aonad Soláthair Scoile, an BOO agus SFGM-Teicneolaíocht san Oideachas, tar éis sásra díreach íostarraingthe a bhunú do scoileanna le ríomhairí deisce agus glúine a cheannach, rud a chiallaíonn nach gcaithfidh scoileanna meastacháin a fháil (ag <https://bz.procurement.ie/contracts/4212>). Tá tuilleadh faisnéise ar fáil freisin ag <https://jmb.ie/school-procurement> agus www.ogp.gov.ie.

Nuair a bhíonn trealamh á cheannach nach bhfuil aon chreat TFC ar fáil ina leith, moltar do scoileanna dul i dteagmháil leis an Aonad Soláthair Scoile chun tuilleadh comhairle agus faisnéise a lorg. Chomh maith leis sin ba cheart do na scoileanna tagairt a dhéanamh do bhileoga gníomhaíochtaí de chuid SFGM Teicneolaíochta san Oideachas: <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology>, ansin an luach is fearr ar airgead a lorg trí mheastacháin scríofa a aimsiú i gcomhréir le rialacha um sholáthar poiblí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le soláthar agus comhairle atá sainiúil do scoileanna féach an tAonad Soláthair Scoile (<http://www.jmb.ie/school-procurement>) faisnéis le fáil ag: <http://www.jmb.ie/school-procurement>, agus an Oifig um Sholáthair Rialtais ag www.ogp.gov.ie.

Tá tuilleadh faisnéise faoi chreatlaigh TFC reatha ar fáil ag <https://bz.procurement.ie/useful-links>. Ba cheart do scoileanna clárú mar cheannaitheoirí ar shuíomh gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais www.ogp.gov.ie. Is féidir teacht ar fhaisnéis maidir le Creat na Soláthraithe ar Líonrú gan Sreang do scoileanna, agus ar Chreat DCG ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology/Purchasing-Frameworks/>. Is féidir faisnéis a fháil faoi na frámaí ábhartha go léir a fháil freisin ar shuíomh gréasáin aonad soláthair na scoileanna ag <http://www.jmb.ie/school-procurement>. Ba chóir do scoileanna úsáid a bhaint as an doiciméad **Treoir do scoileanna maidir le**

dea-chleachtais Soláthair de chuid an Aonaid Soláthair Scoile a úsáid, doiciméad atá ar fáil ar a láithreán gréasáin.

Ról an Bhoird Bhainistíochta

Caithfidh an Bord Bainistíochta sraith nósanna imeachta a rialaíonn ceannacháin a bhunú agus ba cheart go leagfaí amach na socruithe maidir le tairiscintí agus ceannach earraí, sonraise a íoc agus taifid chuntasaíochta a chothabháil.

Ceannacháin

- Caithfidh beartas ceannaigh cothromaíocht a bhaint amach idir cáilíocht agus costas, toisc nach é an ceann is saoire an ceann is fearr i gcónaí. Mar sin féin, ba cheart go sonrúfaí sna doiciméid tairisceana go soiléir na critéir maidir le Conradh a dhámhachtain agus ní mór gan imeacht ó na critéir sin le linn an phróisis dámhachtana
- Ní mór do Bhoird Bhainistíochta céimeanna réasúnta a ghlacadh chun iad féin a shásamh go bhfuil soláthróirí agus conraitheoirí atá rannpháirteach creidiúnach agus iniúil.
- I ngach cás, a bhfuil Conradh (ó bhéal nó scríofa) le dámhachtain maidir le soláthar earraí nó seirbhísí agus gur dócha go gcosnóidh íocaíochtaí faoin gconradh níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) agus is dócha go rachaidh íocaíochtaí faoin gconradh in aon tréimhse dhá mhí dhéag, éilítear ar an gconraitheoir imréiteach cánach bailí nó deimhniú a chur ar fáil a léiríonn leibhéal sásúil de chomhlíonadh cánach an fhoichonraitheora
- Ba cheart gach ceannachán faoin scéim a dhéanamh le toiliú an Bhoird Bainistíochta agus go léirítear sin i miontuairiscí an chruinniú ábhartha den Bhord.
- Ní mór comhad ina bhfuil fianaise ar na nósanna imeachta tairisceana agus meastachán a leanadh i ndáiríre a choinneáil le haghaidh iniúchta má iarrtar é.

Ba cheart go leanfadh na Nósanna Imeachta Tairisceana na treoirí rialála cuí ach go ginearálta, ba chóir na céimeanna thíos a leanúint:

- Aimsigh 5 mheastachán ar a laghad i scríbhinn nó trí ríomhphost sa chaoi go bhfaighfear ar a laghad 3 mheastachán i scríbhinn
- Ní mór an cuireadh chun tairisceana a eisiúint go díreach chuig gnólachtaí creidiúnacha a bheadh in ann an Conradh a chomhlíonadh nó na hearraí a sholáthar.
- Ní mór dáta do thaisceadh tairiscintí a shonrú.
- Ba cheart gach tairiscint a bheith á oscailt ag an am céanna ag beirt arna n-ainmniú ag an mBord Bainistíochta.
- Ba chóir don Bhord tuarascáil ar gach nós imeachta tairisceana agus ar na cúiseanna roghnúcháin a choinneáil.
- Toiliú an Bhoird Bainistíochta de réir mar is cuí

Tacaíocht agus Faisnéis

Pleanáil Foghlama Digití

- Is féidir teacht ar fhaisnéis don Pleanáil do scoileanna le haghaidh na Foghlama Digití a fháil ag www.pdsttechnologyineducation.ie/planning
- Má tá ceisteanna ar leith ag scoileanna maidir le Pleanáil don Fhoghlaim Dhigiteach, is féidir na ceisteanna seo a sheoladh ar ríomhphost chuig elarningplanning@pdst.ie

Treoir agus faisnéis maidir le TFC

- Is féidir comhairle TFC a fháil maidir le teicneolaíochtaí oiriúnacha agus maidir le soláthar TFC do scoileanna ag www.pdsttechnologyineducation.ie/technology.
- Má tá ceisteanna ar leith ag scoileanna maidir le comhairle TFC nó soláthar TFC, is féidir na ceisteanna seo a sheoladh ar r-phost chuig ictadvice@pdst.ie.

Acmhainní do mhúinteoirí a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim

- Ar thairseach oifigiúil na Roinne d'oidreachas na hÉireann (Scoilnet.ie) soláthraítear os cionn 12,000 acmhainní digiteacha ar ardchaighdeán atá curtha in oiriúint do churaclam na bunscoile agus dp na sonraíochtaí ábhair iar-bhunscoile a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid le haghaidh teagaisc agus foghlama.
- Tá eiseamláirí ann ar dhea-chleachtas maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le roinnt modhanna agus modheolaíochtaí ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Good-Practice/Videos/> Is comhphobal é seo atá ag fás agus má bhraitheann tú gur chóir do do scoil a bheith san áireamh ann, seol ríomhphost chuig technologyineducation@pdst.ie

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

- Is féidir teacht ar fhaisnéis a bhaineann le forbairt ghairmiúil maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Training/>.
- Forbrófar cláir bhreise san fhorbairt ghairmiúil maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú thar thréimhse na straitéise.

Láithreáin ghréasáin eile

Tá láithreáin ghréasáin eile ann a thugann comhairle agus faisnéis chabhrach maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú:

- <http://www.sess.ie/>
- <http://www.nbss.ie/>
- <http://www.jct.ie> and www.juniorcycle.ie
- <http://www.ncca.ie/en/>

An Chríoch